Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Samhain 2023
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0319(NLE)**

14964/23
ADD 1 REV 1

LIMITE

UK 218
RECH 482
ESPACE 79
BUDGET 36

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Speisialaithe um Rannpháirtíocht i gCláir an Aontais<br>- Ráiteas ón gComhairle agus ón gCoimisiún |

**RÁITEAS ÓN gCOMHAIRLE AGUS ÓN gCOIMISIÚN**

Is díol sásaimh don Chomhairle agus don Choimisiún gur thángthas ar chomhaontú i bprionsabal maidir le rannpháirtíocht na Ríochta Aontaithe sna cláir Fís Eorpach[1] agus Copernicus[2] ón gceathrú bliain den chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) 2021-2027 ar aghaidh agus tacaíonn siad leis. Is mór ag an gComhairle agus ag an gCoimisiún na tairbhí frithpháirteacha a bhainfidh na pobail taighde agus spáis sa Ríocht Aontaithe agus san Aontas Eorpach as an rannpháirtíocht sin agus tá siad ag tnúth le doimhniú an chaidrimh sna réimsí sin leasa choitinn.

1 Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013; agus Cinneadh (AE) 2021/764 ón gComhairle an 10 Bealtaine 2021 lena mbunaítear an Clár Sonrach lena gcuirtear chun feidhme Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2013/743/AE.

2 Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE.

Meabhraítear don Chomhairle agus don Choimisiún freisin gur comhaontaíodh i bprionsabal dréachtPhrótacal I, tráth an Dearbhaithe Chomhpháirtigh maidir le Rannpháirtíocht i gCláir an Aontais agus Rochtain ar Sheirbhísí Cláir, a comhaontaíodh idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe tráth a síníodh agus a cuireadh i bhfeidhm go sealadach an Comhaontú Trádála agus Comhair (TCA) i mí na Nollag 2020[3]. Sa dréachtPhrótacal sin, foráladh go nglacfadh an Ríocht Aontaithe páirt in dhá bheart eile, clár Taighde agus Oiliúna EURATOM[4] agus an Comhghnóthas Eorpach um ITER[5].

Tugann an Chomhairle agus an Coimisiún dá n-aire agus is oth leo gur chinn an Ríocht Aontaithe gan a bheith rannpháirteach sa dá bheart sin.

Beidh seasamh an Aontais a chuirfear in iúl sa chinneadh seo gan dochar d'aon chinneadh ón gComhairle maidir le rannpháirtíocht na Ríochta Aontaithe i gcláir a bheidh ann amach anseo faoi Chreat Airgeadais Ilbhliantúil ina dhiaidh sin, má cheadaítear an rannpháirtíocht sin le rialacha infheidhme an Aontais, agus déanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún a machnamh maidir le rannpháirtíocht a bheidh ag an Ríocht Aontaithe i gcláir a bheidh ann amach anseo i bhfianaise a toilteanas a bheith rannpháirteach sna cláir uile dá bhforáiltear sa Dearbhú Comhpháirteach.

---

3 Dearbhú Comhpháirteach maidir le rannpháirtíocht i gCláir an Aontais agus rochtain ar sheirbhísí clár (IO L 444, 31.12.2020, lch. 1479).

4 Rialachán (Euratom) 2021/765 ón gComhairle an 10 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Clár Taighde agus Oiliúna an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach don tréimhse 2021-2025 lena gcomhlánaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht agus lena n-aisghairtear Rialachán (Euratom) 2018/1563.

5 Cinneadh 2007/198/Euratom ón gComhairle lena mbunaítear an Comhghnóthas Eorpach um ITER ('F4E') agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt agus buntáistí a thabhairt dó ('Cinneadh ón gComhairle F4E').



PUBLIC